


An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar: Gaeilge
TUAIRISC**

**Moville Community College
[Coláiste Pobail Bhun an Phobail]
Bun an Phobail, Contae Dhún na nGall
Uimhir Rolla: 76084L**

Dáta na cigireachta: 25 Márta 2015



TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	24, 25 Márta 2015
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaím i rith chúig thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide gníomhach, don phríomhoide tánaisteach gníomhach agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Tá cur chuige díograiseach, comhsheasmhach le sonrú ar theagasc an ábhair atá le moladh.
- Bhí cáilíocht na foghlama ag leibhéal fóna: léirigh na scoláirí lánchomhoibriú sna ceachtanna agus d'fhreagair siad go réasúnta maith ar an iomlán do cheisteanna.
- Tá an soláthar don ábhar ar an tráthchlár go han-mhaith i gcoitinne, agus go rímhaith sa dara bliain.
- Léiríonn sonraí rannpháirtíochta an ábhair go bhfuil riar na scoláirí atá ag tabhairt faoin ardleibhéal sa Teastas Sóisearach folláin agus méadaithe le blianta beaga anuas.
- Beart dearfach is ea an suíomh gréasáin scoile atá á fhorbairt don ábhar mar acmhainn thagartha do na scoláirí.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar an difreáil a fhorbairt sa straitéis cheistiúcháin a chleachtar chun dúshlán breise a chur roimh an bhfoghlaiméir inniúil go háirithe.
- Ba chóir na scoláirí a chumasú chun an Ghaeilge labhartha a úsáid níos minice agus an eochairfhoclóir cuí a chleachtadh leo le ceisteanna a chur.
- Ba chóir iarrachtaí ar leith a dhéanamh lena chinntiú nach ag dáileadh eolais go huile a bhíonn an múinteoir sa cheacht agus tabhairt ar na scoláirí a bheith ní ba rannpháirtí, astu féin, agus iad féin a chur in iúl níos mó ar a gcompord.

RÉAMHRÁ

Osclaíodh Coláiste Pobail Bhun an Phobail mar iar-bhunscoil chomhoideachais faoi Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall in 2001. Tá an scoil páirteach i bplean gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna don chuimsiú oideachais, Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Tá clár na hIdirbhliana ar fáil ar bhonn roghnach. 559 scoláire atá cláraithe don scoilbhliain reatha 2014/15.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Tá cur chuige comhsheasmhach le sonrú ar theagasc an ábhair atá le moladh: tá an cur chuige seo díograiseach agus dírithe ar stór focal Gaeilge na scoláirí a fhorbairt le linn an cheachta. Bhí na múinteoirí lárnach san obair a breathnaíodh agus spreagadh na scoláirí chun a lándícheall a dhéanamh leis an bhfoclóir nua a ghabháil chucu féin, rud a rinne siad.
- Bhí cáilíocht na foghlama ag leibhéal fóna. Léirigh na scoláirí lánchomhoibriú leis an treoír a cuireadh orthu agus d'fhreagair siad go réasúnta maith, ar an iomlán, do cheisteanna ón múinteoir. An chéad chéim eile san fhoghlaim a mb'fhiu díriú air ná na scoláirí a fhorbairt le ceisteanna a chur astu féin, neamhspleách ar thathaint an mhúinteora. I dtaca leis sin, tá scóip ann chun an difreáil a fhorbairt sa straitéis cheistiúcháin, agus gá ar leith le dúshlán breise a chur roimh an bhfoghlaiméir inniúil.
- Cuireadh tús le ceachtanna le torthaí foghlama a roinnt: ba cheart na torthaí foghlama atá ceaptha don cheacht a bheith níos pointeáilte agus iad a léirmhíniú níos fearr. Slí mhaith chuige seo ná é a bheith soiléir ón tús don scoláire cad a bheadh le cailleadh ag an té a bheadh as láthair.
- Bhí cáilíocht na Gaeilge sa teagasc ina dea-eiseamláir do na scoláirí ar chruinnúsáid na teanga agus bhí an sprioctheanga in úsáid mar ghnáthmheán sna ceachtanna, ag teacht le dea-chleachtas. Bhí claonadh ann i measc scoláirí áirithe mar sin féin Béarla a úsáid sa cheacht chun eolas a chinntiú. Ba chóir na scoláirí a chumasú chun an Ghaeilge a úsáid níos minice agus an eochairfhoclóir cuí a chleachtadh leo go háirithe le ceisteanna a chur.
- Bhí aistriúchán ón sprioctheanga go dtí an mháthairtheanga in úsáid go fairsing mar mhodh teagaisc le tuiscint na scoláirí a chinntiú go tapa. Ba chóir an cleachtas seo a chiorrú mar go dtagann ró-theagmháil le modh an aistriúcháin idir an foghlaiméir agus sealbhú na teanga go saoráideach.
- B'fhiú deiseanna níos mó a chur ar fáil do na scoláirí lena gcuid réamhfhoghlama féin a léiriú agus ba cheart an méid sin a mholadh, fiú más teoranta féin é. Is i dtús an cheachta is fearr a dhéantar an méid sin sin ar mhaithe le tógáil ar an dea-atmaisféar a bhaineann le heolas na bhfoghlaiméirí a aithint.
- Baineadh úsáid as deiseanna ar an bhfoghlaim ghníomhach sna ceachtanna ar fad, obair ghrúpa go háirithe, cur chuige atá le moladh: tá scóip ann chun an obair ghrúpa a fhorbairt tuilleadh agus tascanna a shainaithint níos fearr.
- Ba chóir iarrachtaí ar leith a dhéanamh lena chinntiú nach ag dáileadh eolais go huile a bhíonn an múinteoir le linn ceachta agus tabhairt ar na scoláirí a bheith ní ba rannpháirtí, astu féin, agus iad féin a chur in iúl níos mó go saoráideach. Is maith mar a thagann sé seo le mana na ranna ábhair: *'Gaeilge gan eagla'*. Tá sé tábhachtach mar sin go ndéanfaí

na foghlaimeoirí a ghríosadh agus a oiliúint le ceistanna a chur ar a chéile, agus le freagraí a chéile a fhreagairt mar chéim bhreise ar an bplé a bheith dírithe ar an múinteoir.

- Bhí dea-atmaisféar comhoibríoch i measc bhaill roinn na Gaeilge: b'fhiú don roinn machnamh a dhéanamh ar an bpiarbhreathnú a thionscnamh ar mhaithe le dea-chleachtais a roinnt agus a leathnú.
- Bhí comhoibriú go follasach sna ceachtanna ar fad ar tugadh cuairt orthu agus bhí an plé idir na foghlaimeoirí agus an múinteoir sa tsraith shinsearach ag leibhéal cuí an duine lánfhásta. Bhí cruthúnas ann go raibh na scoláirí seo á n-oiliúint go maith mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha: léirigh siad an-chur amach ar cheartchur i bhfeidhm an chórais mharcála don bhéaltrial Ardteistiméireachta agus bhí siad muiníneach go leor chun buanna agus laigí a gcomhscoláirí a aithint sa dea-chleachtadh a bhí ar siúl ina measc féin don obair seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar don ábhar ar an tráthchlár go han-mhaith i gcoitinne, agus go rímhaith sa dara bliain, mar a bhfuil sé thréimhse in aghaidh na seachtaine ar fáil mar thaca le riar níos mó scoláirí a dhíriú ar an ardleibhéal. B'fhiú ceann de na tréimhsí seo a chaitheamh go hiomlán le hobair bhéil.
- Léirigh clár imeachtaí i bplean an ábhair go bhfuil iarrachtaí maithe ar siúl chun an Ghaeilge a thabhairt lasmuigh den seomra ranga agus spraoi a cheangal leis na himeachtaí sin. Tá iarrachtaí maithe ar siúl freisin chun líon níos mó scoláirí a chur chun na Gaeltachta agus thug grúpa scoláirí ón dara bliain cuairt ar Ghaoth Dobhair go gairid roimh an gcigireacht.
- Tá béaltrial roghnach an Teastais Shóisearaigh ar fáil le tamall agus luaitear tionchar dearfach aige sin ar ghnóthachtáil san ábhar. Tá bonn maith curtha aige seo faoin moladh atá sa tuairisc seo na scoláirí a oiliúint tuilleadh le bheith ina gcainteoirí neamhspleácha.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá obair chomhoibríoch phleanála roinn na Gaeilge go maith agus tá ionchais arda á leagan amach do na scoláirí san ábhar. Tá roinn na Gaeilge tiomanta don ábhar a chur ar bhonn níos fónta agus tá fianaise thacúil leis sin. B'fhiú comhordaitheoir ábhair a bheith ann ar a sheal le ceannaireacht a dháileadh.
- Léiríonn sonraí rannpháirtíochta an ábhair go bhfuil riar na scoláirí atá ag tabhairt faoin ardleibhéal sa Teastas Sóisearach folláin agus méadaithe le blianta beaga anuas. Léiríonn sonraí gnóthachtála san ábhar go bhfuil treochtaí feabhais ann sa tréimhse chéanna.
- Tá suíomh gréasáin scoile don ábhar, atá á fhorbairt ag roinn na Gaeilge mar acmhainn thagartha do na scoláirí, le moladh. I measc na n-ábhar atá ar fáil tá ábhar eiseamláire don cheapadóireacht, nótaí teorach don bhéaltrial agus mórán eile atá fiúntach. Is é is luachmhaire ar fad ná go bhfuil tús curtha le hábhar dílis de chuid na scoláirí féin a chur ar an suíomh mar ábhar eiseamláire.
- Tugtar obair bhaile ar bhonn rialta agus bhí aitheantas ar an obair sin le léamh sna cóipleabhair. Níor léir áfach go raibh aird á tabhairt ar na ceartúcháin a bhí scríofa isteach: ba chóir iad seo a chleachtadh. Gné gaolmhar atá le forbairt sa chomhthéacs seo ná measúnú múnlaiteach a chur i bhfeidhm ar obair scríofa na scoláirí.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide gníomhach, leis an bpríomhoide tánaisteach gníomhach agus le múinteoirí an ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.